TREOIRLÍNTE MAIDIR LE hAIGHNEACHTAÍ DON CHOIMISIÚN UM CHÁNACHAS

RÉAMHRÁ

Forléargas

1. Bunaíodh an Coimisiún um Chánachas ar 14 Feabhra 2008 chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr, éifeachtúlacht agus iomchuibheas chóras cánachais na hÉireann. Agus an Coimisiún á bhunú, léirigh an Tánaiste, Brian Ó Comhain, TD, go gcuideodh a chuid oibre le creatlach a bhunú don pholasaí cánach ar feadh an chéad deich mbliain eile ar a laghad, agus go raibh sé tábhachtach peirspictíocht straitéiseach mheáite chothrom a ghlacadh ina n-aithneofaí na dúshláin athraitheacha a bhí romhainn amach.

Aighneachtaí

2. Chun a mhandáid a chomhlíonadh, is foinse thabhachtach dearcaí a bheidh sna haighneachtaí i scríbhinn a fhaigheann an Coimisiún um Chánachas. Tabharfaidh siad deis freisin do pháritithe leasmhara moltaí a dhéanamh ar cheann ar bith, nó breis, de na téamaí a chlúdaítear sna téarmaí tagartha. Sa doiciméad seo tá imlíniú ar na treoirphrionsabail le haghaidh aighneachtaí chun an Choimisiúin a dhéanamh.

3. Cuirfear liosta iomlán mar aguisín le tuarascáil an Choimisiúin díobh siúd a dhéanann aighneachtaí. Is féidir go gcuirfí aighneachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.taxcommission.ie.

Éisteachtaí Béil

De réir mar a chinneann sé féin, is féidir leis an gCoimisiún éisteachtaí béil a lorg ó eagraíochtaí nó ó dhaoine faoi leith, ach ní déanfar amhlaidh ach amháin má mheasann an Coimisiún gur gá éisteachtaí den chineál sin chun a ghnó a dhéanamh. Ní mheastar gur indéanta é nó gur ga éisteachtaí béil a reachtáil le cách a chuireann aighneachtaí isteach.

STRUCHTÚR NA nAIGHNEACHTAÍ

Ceannteidil téamaí

4. Ní foláir d'aighneachtaí bheith gonta struchtúrtha, agus go n-eagrófar iad in ord de réir cheannteidil na dtéamaí a imlínítear thíos. Dréachtadh na ceannteidil seo ar an mbonn gur dócha go mbainfidh gach aighneacht go príomha le réimse faoi leith de na téarmaí tagartha. Ach fáilteofar roimh aighneachtaí a chlúdaíonn níos mó ná réimse amháin de na téarmaí tagartha. Ní gá go gclúdódh aighneacht gach téama.

<u>An réimse de na téarmaí tagartha lena mbaineann an aighneacht</u>

5. Is cóir a léiriú cén réimse de na téarmaí tagartha lena mbaineann an aighneacht. Imlínítear na téarmaí tagartha sa Phreasráiteas: tá de chúram ar an gCoimisiún struchtúr an chórais chánachais a mheas sa chomhthéacs go gcaomhnófar luí cothrom cánachais agus geilleagar láidir meá ar mheá, agus go sainiúil:

a. breithniú ar conas is fearr is féidir leis an gcóras cánach tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus méadú fostaíochta agus rathúnais a chur chun cinn agus san am céanna na hacmhainní is gá a sholáthar chun costas seirbhísí poiblí agus caiteachais eile Rialtais a shásamh sa mheántéarma agus níos faide ar aghaidh;
b. breithniú ar conas is fearr is féidir leis an gcóras cánach coigilteas fadtéarmach a spreagadh chun riachtanais scortha a shásamh,
c. scrúdú a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir cánacha a bhailítear ar ioncam, ar chaipiteal agus ar chaitheamh;
d. na caiteachais chánach go léir a scrúdú d'fhonn na sochair eacnamaíocha agus sóisialta a thugann siad a mheas, agus foirceannadh a mholadh ina gcás siúd nach bhfuil inchosanta ar bhonn costais/sochair,
e. na roghanna a athbhreithniú maidir le maoiniú rialtais áitiúil sa todhchaí, agus
f. imscrúdú a dhéanamh ar bhearta fioscacha chun an comhshaol a chosaint agus a threisiú agus tionscnamh cánach carbóin san áireamh."

6. Má chlúdaíonn an aighneacht cuid de réimse, is cóir é sin a shainiú. Is cóir a lua san aighneacht, más ábhartha, an spéis ghairmiúil nó eile atá ag an scríbhneoir sa téama.

<u>Moltaí ar son athraithe</u>

7. I gcás gach moladh ar son athraithe, is cóir go gclúdófaí san aighneacht na nithe seo a leanas:

- <u>Coimriú gairid</u> ar an moladh.

- <u>Doiciméadachas tacaíochta</u>. Ar an doiciméadachas tacaíochta a chuirtear leis an moladh, is cóir go mbeadh, más féidir:
  a. faisnéis ar chostais agus ar shochair (na pointí ina leith agus ina éadan, nó 'dhá thaobh an scéil'), agus
  b. sonraí staitisticiúla nó taighde eile atá mar bhonn ag an moladh.

- <u>Creatlach den chomhthéacs</u>. De réir mar a bhaineann le hábhar, is cóir cuntas imlíneach a thabhairt ar conas a chuideodh an moladh le gach ceann de na ceithre réimse (sa liosta thíos) atá sa Chlár don Rialtas Meitheamh 2007[1]. Tá obair an Chomisiúin á reachtáil i gcomhthéacs na dtiomantas um chumas iomaíochta eacnamaíoch agus um chánachas atá sa Chlár don Rialtas, mar a leanas:

  i. chun an t-ualach foriomlán cánach a choimeád íseal agus tuilleadh athruithe a fheidhmiú d'fhonn na cúitimh ar shaothar a threisiú agus san am céanna cothroime an chórais chánach a mhéadú,
  ii. chun a chinntiú go bhfanfaidh ár gcreatlach rialála solúbtha, comhréireach agus suas chun dáta,
  iii. chun bearta a thionscnamh le hastuithe carbóin a laghdú tuilleadh agus chun bearta cuí fioscacha ar bhonn neodrach ioncaim a thabhairt

[1] A Blueprint for Ireland's Future 2007 - 2012

isteach go céimnithe agus tobhach carbóin san áireamh i rith réím an Rialtais, agus

iv. an ráthaíocht go bhfanfaidh an ráta cánach corparáidí ag 12.5%.

Mír neamhstruchtúrtha na haighneachta

8. Is cóir a chur isteach freisin aon fhaisnéis bhreise, tuairimí, dearcaí nó moltaí, a bheadh ina gcabhair don Choimisiún, dar leis an duine nó leis an eagraíocht lena mbaineann an aighneacht.

CEISTEANNA PRAITICIÚLA

Formáid don chomhfhreagras

9. Nuair is féidir, is cóir aighneachtaí a sheoladh chuig an gCoimisiún de ríomhphost ag: info@taxcommission.ie. Cé gurb í an fhormáid leictreonach is tréine a mholtar, is féidir le daoine aighneacht a dhéanamh i scríbhinn más mian leo, nuair nach bhfuil siad in ann í a dhéanamh de r-phost.

Sonraí teagmhála, etc.

10. Is cóir don duine aonair nó don eagraíocht a dhéanann aighneacht sonraí teagmhála a thabhairt freisin – agus seoladh r-phoist más féidir – i dteannta leis an doiciméadachas. Cuirfidh an Rúnaíocht admháil ar gach comhfhreagras.

11. Is féidir go gcuirfidh an Rúnaíocht ceisteanna breise maidir le pointí faoi leith a ardaítear in aighneachtaí, mar shampla, nuair a theastaíonn soiléiriú breise. De ghnáth, áfach, ní shamhlaítear go mbeidh teagmháil leanúnach idir comhfhreagróirí agus an Coimisiún/Rúnaíocht maidir le haighneachtaí aonair.

Fiosruithe

12. Is cóir aon fhiosruithe i dtaobh na dtreoirlínte seo a chur chuig an Rúnaíocht. Beidh áthas orthu cabhair a thabhairt.